2025/848

7.5.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/848 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Bealtaine 2025

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le clárú páirtithe is úsáideoirí tiachóige

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE ([1]), go háirithe Airteagal 5b(11) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun páirtithe is úsáideoirí a chlárú a bhfuil sé beartaithe acu brath ar Thiachóga Eorpacha Céannachta Digití ('tiachóga') chun seirbhísí digiteacha poiblí nó príobháideacha a sholáthar, mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, ba cheart do na Ballstáit cláir náisiúnta de pháirtithe is úsáideoirí tiachóige atá bunaithe ina gcríoch a bhunú agus a choinneáil ar bun.

(2) Déanann an Coimisiún measúnú tráthrialta ar theicneolaíochtaí, cleachtais, caighdeáin agus sonraíochtaí teicniúla nua. Chun an leibhéal comhchuibhithe is airde a áirithiú i measc na mBallstát maidir le forbairt agus deimhniú na dtiachóg, beidh na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach sa Rialachán seo ag brath ar an obair a rinneadh faoi Mholadh (AE) 2021/946 ón gCoimisiún ([2]) agus go háirithe an Creat Ailtireachta agus Tagartha atá ina chuid de. I gcomhréir le haithris 75 de Rialachán (AE) 2024/1183 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), ba cheart don Choimisiún an Rialachán seo a athbhreithniú agus, más gá, é a thabhairt cothrom le dáta, chun é a choimeád i gcomhréir le forbairtí domhanda agus leis an gCreat Ailtireachta agus Tagartha, agus chun na dea-chleachtais ar an margadh inmheánach a leanúint.

(3) Chun rochtain leathan ar chláir a áirithiú agus chun idir-inoibritheacht a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit comhéadain atá inléite ag an duine agus ag meaisín a bhunú, ar comhéadain iad a chomhlíonann na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach sa Rialachán seo. Soláthraithe na ndeimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige agus na ndeimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige, ba cheart dóibh a bheith in ann brath ar na comhéadain sin freisin, i gcás ina bhfuil siad ar fáil, chun na deimhnithe sin a eisiúint.

(4) Ós rud é soláthraítear treoir shoiléir le beartais chlárúcháin do na páirtithe is úsáideoirí tiachóige maidir leis an bpróiseas clárúcháin, ba cheart do na Ballstáit na beartais chlárúcháin is infheidhme maidir leis na cláir náisiúnta atá bunaithe ina gcríoch a leagan amach agus a fhoilsiú.

(5) Cláraítear páirtithe is úsáideoirí tiachóige chun iontaoibh as úsáid na dtiachóg a chothú trí thrédhearcacht níos fearr. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil don phobal ar bhealach atá inléite ag an duine agus ag meaisín araon. Chuige sin, ba cheart do pháirtithe is úsáideoirí tiachóige an fhaisnéis is gá a sholáthar do na cláir náisiúnta, lena n-áirítear a dteidlíocht nó a dteidlíochtaí.

(6) Thairis sin, chun críoch na trédhearcachta, ba cheart do pháirtithe is úsáideoirí tiachóige a dhearbhú an bhfuil sé beartaithe acu brath ar ríomh-shainaitheantas daoine nádúrtha.

(7) Chun a áirithiú go bhfuil an próiseas clárúcháin costéifeachtach agus comhréireach le rioscaí, ba cheart do chláraitheoirí próisis chlárúcháin ar líne agus, i gcás inarb infheidhme, uathoibrithe a chur ar bun do pháirtithe is úsáideoirí tiachóige atá éasca le húsáid. Ba cheart do chláraitheoirí iarratais ar chlárú a fhíorú gan moill mhíchuí.

([1]) IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj.

([2]) Moladh (AE) 2021/946 ón gCoimisiún an 3 Meitheamh 2021 maidir le Bosca Coiteann Uirlisí de chuid an Aontais le haghaidh cur chuige comhordaithe i dtreo Creat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach (IO L 210, 14.6.2021, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2021/946/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2024/1183 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann leis an gCreat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach a bhunú (IO L, 2024/1183, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1183/oj).

(8) Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na tiachóga in ann páirtithe is úsáideoirí a fhíordheimhniú, gan beann ar an áit a bhfuil siad bunaithe san Aontas. Chun na críche sin, ba cheart do pháirtithe is úsáideoirí úsáid a bhaint as deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige nuair a shainaithníonn siad iad féin in aonaid tiachóige. Chun idir-inoibritheacht na ndeimhnithe sin a ráthú ar fud na dtiachóg uile a sholáthraítear laistigh den Aontas, ba cheart do dheimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige cloí le ceanglais choiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn. Ba cheart don Choimisiún beartais chomhchuibhithe deimhnithe agus ráitis chleachtais chomhchuibhithe deimhnithe a fhorbairt, ar cheart do na Ballstáit iad a chur chun feidhme. Ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairt caighdeán nua nó caighdeán malartach ar a bhféadfaí deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir a chur chun feidhme. Go háirithe, ba cheart measúnú a dhéanamh ar shamhlacha iontaoibhe a bhfuil a n-éifeachtúlacht agus a slándáil cruthaithe acu sna Ballstáit.

(9) Mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, níl páirtithe is úsáideoirí tiachóige le hiarraidh ar úsáideoirí aon sonraí a sholáthar seachas na sonraí sin a chuirtear in iúl maidir leis an úsáid atá beartaithe do thiachóga le linn an phróisis chlárúcháin. Ba cheart d'úsáideoirí tiachóige a bheith in ann sonraí clárúcháin na bpáirtithe is úsáideoirí tiachóige a fhíorú. Chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí tiachóige a fhíorú go dtagann na tréithe atá á n-iarraidh ag an bpáirtí is úsáideoir tiachóige faoi raon feidhme a dtréithe cláraithe, féadfaidh na Ballstáit a cheangal go n-eiseofar deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige do pháirtithe cláraithe is úsáideoirí tiachóige. Chun idir-inoibritheacht na ndeimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonann na deimhnithe sin na ceanglais agus na caighdeáin a leagtar amach san Iarscríbhinn. Go háirithe, ba cheart do pháirtithe is úsáideoirí tiachóige a dhearbhú an bhfuil sé beartaithe acu brath ar ríomh-shainaitheantas daoine nádúrtha chun ceann amháin de na ceanglais a leagtar amach i mír 1 d'Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) a chomhlíonadh chun críoch na trédhearcachta. Thairis sin, ní dhiúltóidh na páirtithe is úsáideoirí d'úsáid ainmneacha bréige, i gcás nach gceanglaítear an t-úsáideoir a shainaithint le dlí an Aontais ná leis an dlí náisiúnta.

(10) Chun úsáideoirí a chosaint ar an iomarca faisnéise a chomhroinnt le páirtithe is úsáideoirí tiachóige agus chun rabhadh a thabhairt dóibh i gcásanna den sórt sin, ba cheart do na Ballstáit comhbheartais rochtana a áireamh ina mbeartais deimhnithe le gur féidir le réiteach tiachóige úsáideoir na tiachóige a chur ar an eolas aon uair a iarrann páirtí is úsáideoir tiachóige níos mó faisnéise ná an méid atá cláraithe acu nó ar údaraíodh dóibh rochtain a fháil air.

(11) Chun úsáideoirí tiachóige a chosaint, ba cheart do chláraitheoirí a bheith in ann clárú aon pháirtí is úsáideoir tiachóige a chur ar fionraí nó a chur ar ceal gan fógra a thabhairt roimh ré i gcás ina bhfuil cúis ag na cláraitheoirí a chreidiúint go bhfuil faisnéis sa chlárú atá míchruinn, as dáta nó míthreorach; nach gcomhlíonann an páirtí is úsáideoir tiachóige an beartas clárúcháin; nó go bhfuil an páirtí is úsáideoir tiachóige ag gníomhú ar shlí eile de shárú ar dhlí an Aontais nó ar an dlí náisiúnta nó ar an Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití ([5]) ar bhealach a bhaineann lena ról mar pháirtí is úsáideoir tiachóige, mar shampla mura bhfuil íoslaghdú ceart déanta ag an bpáirtí is úsáideoir tiachóige ar an tacar tréithe a n-iarrann sé rochtain orthu. Chun cobhsaíocht éiceachóras na dTiachóg Eorpach Céannachta Digití ('éiceachóras na dtiachóg') a chosaint, ba cheart an cinneadh chun clárú a chur ar fionraí nó a chealú a bheith comhréireach leis an mbriseadh seirbhíse de bharr na fionraí nó an chealaithe agus leis an gcostas gaolmhar agus an mhíchaoithiúlacht ghaolmhar don soláthraí seirbhíse agus don úsáideoir. De bhun Airteagal 46a(4), pointe (f) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, cumhachtófar comhlachtaí maoirseachta freisin an clárú a chur ar fionraí agus a chur ar ceal más gá.

(12) Chun críoch an fhaireacháin *ex post*, na n-imscrúduithe de réir fhorfheidhmiú an dlí agus na láimhseála díospóidí, ba cheart do chláraitheoirí taifid a choimeád ar an bhfaisnéis uile a sholáthraíonn páirtithe is úsáideoirí tiachóige atá bunaithe ina gclár náisiúnta ar feadh 10 mbliana.

(13) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 agus, i gcás inarb ábhartha, ag Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta faoin Rialachán seo.

([4]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([5]) IO C 23, 23.1.2023, lch. 1.

([6]) Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/58/oj).

(14) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), agus thug sé a thuairim uaidh an 31 Eanáir 2025.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an choiste a bunaíodh le hAirteagal 48 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir le páirtithe is úsáideoirí tiachóige a chlárú.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'páirtí is úsáideoir tiachóige' páirtí is úsáideoir a bhfuil sé beartaithe aige brath ar aonaid tiachóige chun seirbhísí poiblí nó príobháideacha a sholáthar trí bhíthin idirghníomhaíocht dhigiteach;

(2) ciallaíonn 'aonad tiachóige' cumraíocht uathúil de réiteach tiachóige lena n-áirítear áisc tiachóige, feidhmchláir chripteagrafacha shlána tiachóige agus gairis chripteagrafacha shlána tiachóige arna soláthar ag soláthraí tiachóige d'úsáideoir aonair tiachóige;

(3) ciallaíonn 'réiteach tiachóige' teaglaim de bhogearraí, crua-earraí, seirbhísí, socruithe, agus cumraíochtaí, lena n-áirítear áisc tiachóige, feidhmchlár cripteagrafach slán tiachóige amháin nó níos mó agus gaireas cripteagrafach slán tiachóige amháin nó níos mó;

(4) ciallaíonn 'ásc tiachóige' an feidhmchlár a shuiteáiltear agus a chumraítear ar ghaireas nó ar thimpeallacht úsáideora tiachóige, ar cuid d'aonad tiachóige é, agus a úsáideann úsáideoir na tiachóige chun idirghníomhú leis an aonad tiachóige;

(5) ciallaíonn 'feidhmchlár cripteagrafach slán tiachóige' feidhmchlár lena mbainistítear sócmhainní criticiúla trína bheith nasctha leis na feidhmeanna cripteagrafacha agus neamh-chripteagrafacha a sholáthraíonn an gaireas cripteagrafach slán tiachóige agus trína n-úsáid;

(6) ciallaíonn 'gaireas cripteagrafach slán tiachóige' gaireas crioscaíldíonach lena soláthraítear timpeallacht atá nasctha leis an bhfeidhmchlár cripteagrafach slán tiachóige agus a úsáideann sé chun sócmhainní criticiúla a chosaint agus chun feidhmeanna cripteagrafacha a sholáthar chun oibríochtaí criticiúla a fhorghníomhú ar bhealach slán;

(7) ciallaíonn 'sócmhainní criticiúla' sócmhainní laistigh d'aonad tiachóige, nó i ndáil leis, a bhfuil tábhacht chomh neamhghnách sin ag baint leo go n-imreofaí tionchar an-tromchúiseach díblitheach ar an gcumas brath ar an aonad tiachóige i gcás ina gcuirfí infhaighteacht, rúndacht nó sláine na sócmhainní sin i mbaol;

(8) ciallaíonn 'soláthraí tiachóige' duine nádúrtha nó dlítheanach a sholáthraíonn réitigh tiachóige;

(9) ciallaíonn 'úsáideoir tiachóige' úsáideoir a bhfuil an t-aonad tiachóige faoina rialú;

(10) ciallaíonn 'clár náisiúnta na bpáirtithe is úsáideoirí tiachóige' clár leictreonach náisiúnta a úsáideann Ballstát chun faisnéis maidir le páirtithe is úsáideoirí tiachóige atá cláraithe sa Bhallstát sin a chur ar fáil go poiblí mar a leagtar amach in Airteagal 5b(5) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014;

(11) ciallaíonn 'soláthraí deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige' duine nádúrtha nó dlítheanach arna shainordú ag Ballstát chun deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir a eisiúint do pháirtithe is úsáideoirí tiachóige atá cláraithe sa Bhallstát sin;

([7]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: https://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

(12) ciallaíonn 'deimhniú rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige' deimhniú le haghaidh ríomhshéalaí nó ríomhshínithe lena bhfíordheimhnítear agus lena mbailíochtaítear an páirtí is úsáideoir tiachóige arna eisiúint ag soláthraí deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige;

(13) ciallaíonn 'soláthraí sonraí sainaitheantais duine' duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach as sonraí sainaitheantais duine a eisiúint agus a chúlghairm agus as a áirithiú go mbeidh na sonraí sainaitheantais duine atá ag úsáideoir ceangailte go cripteagrafach d'aonad tiachóige;

(14) ciallaíonn 'cláraitheoir páirtithe is úsáideoirí tiachóige' an comhlacht atá freagrach as liosta na bpáirtithe cláraithe is úsáideoirí tiachóige atá bunaithe ina gcríoch agus atá ainmnithe ag Ballstát a bhunú agus a choinneáil ar bun;

(15) ciallaíonn 'deimhniú clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige' oibiacht sonraí lena dtugtar tuairisc ar an úsáid atá beartaithe don pháirtí is úsáideoir agus lena léirítear na tréithe atá cláraithe ag an bpáirtí is úsáideoir agus a bhfuil sé beartaithe aige iad a iarraidh ar úsáideoirí;

(16) ciallaíonn 'soláthraí deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige' duine nádúrtha nó dlítheanach arna shainordú ag Ballstát chun deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir a eisiúint do pháirtithe is úsáideoirí tiachóige atá cláraithe sa Bhallstát sin.

Airteagal 3

Cláir náisiúnta

1. Déanfaidh na Ballstáit clár náisiúnta páirtithe is úsáideoirí tiachóige amháin ar a laghad a bhunú agus a choinneáil ar bun ina mbeidh faisnéis maidir leis na páirtithe is úsáideoirí tiachóige atá bunaithe sa Bhallstát sin.

2. Áireofar sa chlár an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn I ar a laghad.

3. Ainmneoidh na Ballstáit cláraitheoir amháin ar a laghad chun clár náisiúnta páirtithe is úsáideoirí tiachóige amháin ar a laghad a bhainistiú agus a oibriú.

4. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn I maidir le páirtithe cláraithe is úsáideoirí tiachóige ar fáil go poiblí ar líne, i bhfoirm atá inléite ag an duine agus i bhfoirm atá oiriúnach do phróiseáil uathoibrithe araon.

5. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 ar fáil trí chomhéadan feidhmchláir ('API') coiteann aonair agus trí shuíomh gréasáin náisiúnta. Déanfaidh an cláraitheoir é a shíniú nó a shéalú go leictreonach nó déanfar é a shíniú nó a shéalú thar a cheann, i gcomhréir leis na ceanglais choiteanna maidir le API aonair a leagtar amach i Roinn 1 d'Iarscríbhinn II.

6. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh an API dá dtagraítear i mír 5 na ceanglais choiteanna a leagtar amach i Roinn 2 d'Iarscríbhinn II.

7. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh na cláir na comhbheartais chlárúcháin ábhartha a leagtar amach in Airteagal 4.

Airteagal 4

Beartais chlárúcháin

1. Déanfaidh na Ballstáit beartas clárúcháin náisiúnta amháin nó níos mó a leagan síos agus a fhoilsiú, ar beartais iad is infheidhme maidir leis na cláir náisiúnta atá bunaithe ina gcríoch.

2. Féadfaidh na Ballstáit beartais chlárúcháin earnála nó náisiúnta atá ann cheana a áireamh nó a athúsáid.

3. Sa bheartas clárúcháin náisiúnta, áireofar faisnéis faoi na nithe seo a leanas ar a laghad:

(a) na nósanna imeachta sainaitheantais agus fíordheimhnithe is infheidhme maidir le páirtithe is úsáideoirí tiachóige le linn an phróisis clárúcháin;

(b) an doiciméadacht tacaíochta is gá, maidir le céannacht, clárú gnó, teidlíocht nó teidlíochtaí is infheidhme, agus faisnéis ábhartha eile faoin bpáirtí is úsáideoir tiachóige;

(c) na foinsí barántúla nó taifid leictreonacha oifigiúla eile agus an áit ar féidir brath ar na foinsí nó ar na taifid sin chun sonraí cruinne a sholáthar;

(d) aon fhaisnéis eile nó aon fhianaise eile a éilítear mar chuid den phróiseas clárúcháin;

(e) i gcás inarb infheidhme, na modhanna uathoibrithe chun é a chur ar a gcumas do pháirtithe is úsáideoirí tiachóige clárú a dhéanamh nó clárúchán atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta;

(f) an sásra sásaimh atá ar fáil do pháirtithe is úsáideoirí tiachóige faoi dhlíthe agus nósanna imeachta an Bhallstáit ina bhfuil an clár náisiúnta bunaithe;

(g) na rialacha agus na nósanna imeachta chun céannacht na bpáirtithe cláraithe is úsáideoirí tiachóige a fhíorú agus chun aon fhaisnéis ábhartha eile a sholáthraíonn an páirtí sin a fhíorú.

4. Leis na nósanna imeachta agus an doiciméadacht dá dtagraítear i mír 3, pointí (a) agus (b), cuirfear ar a gcumas do na páirtithe is úsáideoirí tiachóige a léiriú cén teidlíocht shonrach nó cé na teidlíochtaí sonracha faoina bhfuil sé ag gníomhú, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

5. I gcás inarb iomchuí, ní chuirfidh na ceanglais a leagtar amach sa bheartas clárúcháin náisiúnta bac ar phróiseas clárúcháin uathoibrithe.

Airteagal 5

Faisnéis atá le soláthar do na cláir náisiúnta

1. Soláthróidh páirtithe is úsáideoirí tiachóige ar a laghad an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn I do chláir náisiúnta.

2. Áiritheoidh páirtithe is úsáideoirí tiachóige go mbeidh an fhaisnéis a sholáthrófar cruinn tráth an chláraithe.

3. Déanfaidh páirtithe is úsáideoirí tiachóige aon fhaisnéis a cláraíodh roimhe sin i gclár náisiúnta na bpáirtithe is úsáideoirí tiachóige a thabhairt cothrom le dáta gan moill mhíchuí.

Airteagal 6

Próisis chlárúcháin

1. Próisis chlárúcháin leictreonacha atá éasca le húsáid, agus i gcás inar féidir, atá uathoibrithe, bunóidh cláraitheoirí na próisis sin do pháirtithe is úsáideoirí tiachóige.

2. Déanfaidh cláraitheoirí iarratais ar chlárú a phróiseáil gan moill mhíchuí agus tabharfaidh siad freagra ar an iarraidh ar chlárú don iarratasóir laistigh den tráthchlár a shainítear sa bheartas clárúcháin is infheidhme, trí úsáid a bhaint as na modhanna iomchuí agus i gcomhréir le dlíthe agus nósanna imeachta an Bhallstáit ina bhfuil an clár bunaithe.

3. I gcás inar féidir, fíoróidh cláraitheoirí an méid seo a leanas ar bhealach uathoibrithe:

(a) cruinneas, bailíocht, barántúlacht agus sláine na faisnéise a cheanglaítear faoi Airteagal 5;

(b) i gcás inarb infheidhme, cumhacht aturnae ionadaithe de chuid na bpáirtithe is úsáideoirí tiachóige arna tarraingt suas agus arna cur isteach i gcomhréir le dlíthe agus nósanna imeachta an Bhallstáit ina bhfuil an clár náisiúnta bunaithe;

(c) cineál teidlíochta nó teidlíochtaí na bpáirtithe is úsáideoirí tiachóige mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I;

(d) gan clárú a bheith ann cheana i gclár náisiúnta eile.

4. Fíoróidh na cláraitheoirí an fhaisnéis a leagtar amach i mír 3 in aghaidh na doiciméadachta tacaíochta arna soláthar ag na páirtithe is úsáideoirí tiachóige nó in aghaidh foinsí barántúla iomchuí nó taifid leictreonacha oifigiúla eile sa Bhallstát ina bhfuil an clár náisiúnta bunaithe agus a bhfuil rochtain ag na cláraitheoirí orthu i gcomhréir leis na dlíthe agus na nósanna imeachta náisiúnta is infheidhme.

5. Teidlíochtaí na bpáirtithe is úsáideoirí tiachóige dá dtagraítear i mír 3, pointe (c), déanfar iad a fhíorú i gcomhréir le hIarscríbhinn III.

6. I gcás nach féidir leis an gcláraitheoir an fhaisnéis a fhíorú i gcomhréir le míreanna 3 go 5, diúltóidh an cláraitheoir don chlárú.

7. I gcás nach bhfuil sé beartaithe ag páirtí is úsáideoir tiachóige brath ar aonaid tiachóige a thuilleadh chun seirbhísí poiblí nó príobháideacha a sholáthar faoi chlárú sonrach, tabharfaidh sé fógra don chláraitheoir ábhartha gan moill mhíchuí agus iarrfaidh sé go gcuirfí an clárú sin ar ceal.

Airteagal 7

Deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige

1. Údaróidh na Ballstáit údarás deimhniúcháin amháin ar a laghad chun deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige a eisiúint.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go n-eiseoidh soláthraithe deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige na deimhnithe sin go heisiach do pháirtithe cláraithe is úsáideoirí tiachóige.

3. Cuirfidh na Ballstáit na beartais deimhnithe agus na ráitis chleachtais deimhnithe le haghaidh na ndeimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige chun feidhme ar bhealach atá comhchuibhithe go comhréireach agus go séimeantach, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

Airteagal 8

Deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige

1. Féadfaidh na Ballstáit údarás deimhniúcháin amháin ar a laghad a údarú chun deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige a eisiúint.

2. I gcás ina n-údaróidh Ballstát deimhniú clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige a eisiúint, déanfaidh an Ballstát sin an méid seo a leanas;

(a) é a chur de cheangal ar sholáthraithe deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige na deimhnithe sin a eisiúint go heisiach do pháirtithe cláraithe is úsáideoirí tiachóige;

(b) a áirithiú go gcuirfear gach úsáid bheartaithe in iúl sna deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige;

(c) a áirithiú go n-áireofar i ndeimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige beartas ginearálta rochtana, atá comhchuibhithe go comhréireach agus go séimeantach ar fud an Aontais, lena gcuirfear úsáideoirí ar an eolas nach bhfuil cead ag an bpáirtí is úsáideoir tiachóige ach na sonraí a shonraítear sna deimhnithe clárúcháin a iarraidh don úsáid bheartaithe agus atá cláraithe sna deimhnithe clárúcháin;

(d) a áirithiú go gcomhlíonfaidh soláthraithe réiteach tiachóige atá bunaithe sa Bhallstát sin an beartas ginearálta rochtana trí úsáideoirí a chur ar an eolas nuair a iarrann páirtí is úsáideoir tiachóige sonraí nach sonraítear sna deimhnithe clárúcháin;

(e) deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige a chur chun feidhme ar bhealach atá comhchuibhithe go comhréireach agus go séimeantach agus i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn V;

(f) beartais thiomnaithe deimhnithe agus ráitis chleachtais deimhnithe a chur chun feidhme le haghaidh na ndeimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn V;

(g) a áirithiú go soláthróidh páirtithe is úsáideoirí tiachóige URL chuig an mbeartas príobháideachais maidir leis an úsáid bheartaithe.

3. Cuirfear an beartas dá dtagraítear i bpointe (g) in iúl sa deimhniú clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige.

Airteagal 9

Clárú a chur ar fionraí agus a chur ar ceal

1. Déanfaidh cláraitheoirí clárú páirtí is úsáideoir tiachóige a chur ar fionraí nó a chur ar ceal i gcás ina n-iarrfaidh comhlacht maoirseachta fionraí nó cur ar ceal den sórt sin de bhun Airteagal 46a(4), pointe (f) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

2. Féadfaidh cláraitheoirí clárú páirtí is úsáideoir tiachóige a chur ar fionraí nó a chur ar ceal i gcás ina bhfuil cúiseanna ag na cláraitheoirí ceann amháin de na nithe seo a leanas a chreidiúint:

(a) tá faisnéis sa chlárú atá míchruinn, as dáta nó míthreorach;

(b) ní chomhlíonann an páirtí is úsáideoir tiachóige an beartas clárúcháin;

(c) tá níos mó tréithe á n-iarraidh ag an bpáirtí is úsáideoir tiachóige ná mar atá cláraithe aige i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 6;

(d) tá an páirtí is úsáideoir tiachóige ag gníomhú ar shlí eile de shárú ar dhlí an Aontais nó ar an dlí náisiúnta ar bhealach a bhaineann lena ról mar pháirtí is úsáideoir tiachóige.

3. Déanfaidh cláraitheoirí clárú páirtí is úsáideoir tiachóige a chur ar fionraí nó a chur ar ceal i gcás inarb é an páirtí céanna is úsáideoir tiachóige a dhéanfaidh an iarraidh ar chealú nó ar fhionraí.

4. Agus an fionraí nó an cur ar ceal á bhreithniú i gcomhréir le mír 2, déanfaidh an cláraitheoir measúnú comhréireachta, agus an tionchar ar na cearta bunúsacha, ar shlándáil agus ar rúndacht na n-úsáideoirí san éiceachóras á chur san áireamh, chomh maith le déine an tsuaite a mheastar a bheidh mar thoradh ar an bhfionraí nó ar an gcur ar ceal agus na costais ghaolmhara, don pháirtí is úsáideoir tiachóige agus don úsáideoir araon. Ar bhonn thoradh an mheasúnaithe sin, féadfaidh an cláraitheoir an clárú a chur ar fionraí nó a chur ar ceal agus fógra roimh ré nó gan fógra roimh ré á thabhairt don pháirtí is úsáideoir tiachóige dá ndéantar difear.

5. I gcás ina gcuirtear clárú páirtí is úsáideoir tiachóige ar fionraí nó ar ceal, déanfaidh an cláraitheoir soláthraí an deimhnithe ábhartha rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige, soláthraí na ndeimhnithe ábhartha clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige, agus an páirtí is úsáideoir tiachóige dá ndéantar difear a chur ar an eolas faoin ngníomhaíocht sin gan moill mhíchuí agus tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig tar éis an fhionraí nó an cur ar ceal. Áireofar san fhógra sin faisnéis maidir leis na cúiseanna atá leis an bhfionraí nó leis an gcur ar ceal agus maidir leis na modhanna sásaimh nó achomhairc atá ar fáil.

6. Soláthraí na ndeimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige agus soláthraí na ndeimhnithe clárúcháin is úsáideoir tiachóige, déanfaidh siad, i gcás inarb infheidhme, na deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige, agus na deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige, faoi seach, de chuid an pháirtí is úsáideoir tiachóige ar cuireadh a chlárú ar fionraí nó ar ceal a chúlghairm gan moill mhíchuí.

Airteagal 10

Coimeád taifead

Coimeádfaidh cláraitheoirí taifid ar an bhfaisnéis arna soláthar ag páirtithe is úsáideoirí tiachóige agus arna clárú i gcomhréir le hIarscríbhinn I chun páirtí is úsáideoir tiachóige a chlárú agus chun na deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige agus na deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige a eisiúint, agus coimeádfaidh siad taifead freisin ar aon athrú a dhéanfar ar an bhfaisnéis sin ina dhiaidh sin, go ceann 10 mbliana.

Airteagal 11

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 24 Nollaig 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Faisnéis maidir le páirtithe is úsáideoirí tiachóige

1. I gcás inarb infheidhme, ainm an pháirtí is úsáideoir tiachóige, mar atá luaite i dtaifead oifigiúil in éineacht le sonraí sainaitheantais an taifid oifigiúil sin.

   (a) mura bhfuil aon cheann díobh infheidhme, úsáidfear mír 2.

2. I gcás inarb infheidhme, ainm soláimhsithe ar an bpáirtí is úsáideoir tiachóige, a d'fhéadfadh a bheith ina thrádainm nó ina ainm seirbhíse atá inaitheanta ag an úsáideoir.

3. I gcás inarb infheidhme, aitheantóir amháin nó níos mó de chuid an pháirtí is úsáideoir tiachóige, mar atá luaite i dtaifead oifigiúil in éineacht le sonraí sainaitheantais an taifid oifigiúil sin, arna chur in iúl mar a leanas:

   (a) uimhir chláraithe agus aitheantais oibreoirí Eacnamaíocha (EORI) dá dtagraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1352/2013 ón gCoimisiún ([1]);

   (b) uimhir chlárúcháin mar atá cláraithe i gclár gnó náisiúnta;

   (c) aitheantóir eintitis dhlítheanaigh ('LEI') dá dtagraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1860 ón gCoimisiún ([2]);

   (d) uimhir aitheantais cánach breisluacha ('CBL');

   (e) uimhir mháil dá dtagraítear in Airteagal 2(12) de Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 ón gComhairle ([3]);

   (f) uimhir thagartha cánach;

   (g) aitheantóir uathúil Eorpach ('EUID') dá dtagraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1042 ón gCoimisiún ([4]);

   (h) aitheantóir nó aitheantóirí náisiúnta eile.

4. An seoladh fisiciúil ina mbunaítear an páirtí is úsáideoir tiachóige.

5. I gcás inarb infheidhme, aimsitheoir aonfhoirmeach acmhainne ('URL') de chuid an pháirtí is úsáideoir tiachóige.

6. I gcás ina gcuirtear an t-aitheantóir in iúl i gcomhréir le pointí 3 (a), (d), (f) nó (h), cuirfear réamhuimhir roimh tháscaire tíre an Bhallstáit ina bhfuil an páirtí is úsáideoir tiachóige bunaithe agus úsáid á baint as cóid ISO 3166-1 Alfa 2, cé is moite de tháscaire tíre na Gréige arb é 'EL' a bheidh ann.

7. Faisnéis teagmhála an pháirtí is úsáideoir tiachóige, ina bhfuil ceann amháin de na nithe seo a leanas ar a laghad:

   (a) suíomh gréasáin, áit ar féidir teagmháil a dhéanamh leis an bpáirtí is úsáideoir tiachóige maidir le hábhair a bhaineann le deasc chabhrach agus tacaíocht a sholáthar;

   (b) uimhir theileafóin, áit ar féidir teagmháil a dhéanamh leis an bpáirtí is úsáideoir tiachóige maidir le hábhair a bhaineann lena chlárú agus maidir le húsáid bheartaithe na n-aonad tiachóige;

   (c) seoladh ríomhphoist, áit ar féidir teagmháil a dhéanamh leis an bpáirtí is úsáideoir tiachóige maidir le hábhair a bhaineann lena chlárú agus maidir le húsáid bheartaithe an aonaid tiachóige.

8. Tuairisc ar na cineálacha seirbhísí a sholáthraíonn an páirtí is úsáideoir tiachóige.

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1352/2013 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2013 lena mbunaítear na foirmeacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 608/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le forfheidhmiú custaim ceart maoine intleachtúla (IO L 341, 18.12.2013, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/1352/oj).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1860 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2022 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin, formáidí, minicíocht agus modhanna agus socruithe maidir le tuairisciú (IO L 262, 7.10.2022, lch. 68, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1860/oj).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2012 maidir le comhar riaracháin i réimse na ndleachtanna máil agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2073/2004 ón gComhairle (IO L 121, 8.5.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/389/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1042 ón gCoimisiún an 18 Meitheamh 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí agus nósanna imeachta teicniúla le haghaidh an chórais um idirnascadh na gclár agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2244 ón gCoimisiún (IO L 225, 25.6.2021, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/1042/oj).

9. Maidir le gach úsáid bheartaithe, liosta de na sonraí, lena n-áirítear dearbhuithe agus tréithe, a bhfuil sé beartaithe ag an bpáirtí is úsáideoir iad a iarraidh, ainm soláimhsithe agus ainm teicniúil, an cineál dearbhaithe agus aon chomhréir eile a ndéantar na sonraí a ghrúpáil fúthu, i bhformáid mheaisín-inléite le haghaidh próiseáil uathoibrithe.

10. Maidir le gach úsáid bheartaithe, tuairisc ar úsáid bheartaithe na sonraí a bhfuil sé beartaithe ag an bpáirtí is úsáideoir tiachóige iad a iarraidh ar aonaid tiachóige.

11. Léiriú maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an páirtí is úsáideoir tiachóige ina chomhlacht earnála poiblí.

12. Teidlíocht nó teidlíochtaí an pháirtí is úsáideoir tiachóige, a chuirfear in iúl mar a leanas:

    (a) 'Service_Provider' chun teidlíocht an pháirtí is úsáideoir tiachóige a chur in iúl mar sholáthraí seirbhísí;

    (b) 'QEAA_Provider' chun teidlíocht an pháirtí is úsáideoir tiachóige a chur in iúl mar sholáthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe a eisíonn ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe;

    (c) 'Non_Q_EAA_Provider' chun teidlíocht an pháirtí is úsáideoir tiachóige a chur in iúl mar sholáthraí seirbhísí iontaoibhe a eisíonn ríomhdhearbhuithe tréithe neamhcháilithe;

    (d) 'PUB_EAA_Provider' chun teidlíocht an pháirtí is úsáideoir tiachóige a chur in iúl mar sholáthraí ríomhdhearbhuithe tréithe arna n-eisiúint ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar ceann an chomhlachta sin;

    (e) 'PID_Provider' chun teidlíocht an pháirtí is úsáideoir tiachóige a chur in iúl mar sholáthraí sonraí sainaitheantais duine;

    (f) 'QCert_for_ESeal_Provider' chun teidlíocht an pháirtí is úsáideoir tiachóige a chur in iúl mar sholáthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe a eisíonn deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshéalaí;

    (g) 'QCert_for_ESig_Provider' chun teidlíocht an pháirtí is úsáideoir tiachóige a chur in iúl mar sholáthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe a eisíonn deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshínithe;

    (h) 'rQSigCDs_Provider' chun teidlíocht an pháirtí is úsáideoir tiachóige a chur in iúl mar sholáthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn seirbhísí iontaoibhe cáilithe chun gléas cruthaithe ríomhshínithe cáilithe cianda a bhainistiú;

    (i) 'rQSealCDs_Provider' chun teidlíocht an pháirtí is úsáideoir tiachóige a chur in iúl mar sholáthraí cáilithe seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn seirbhísí iontaoibhe cáilithe chun gléas cruthaithe ríomhshéala cáilithe cianda a bhainistiú;

    (j) 'ESig_ESeal_Creation_Provider' chun teidlíocht an pháirtí is úsáideoir tiachóige a chur in iúl mar sholáthraí neamhcháilithe seirbhísí iontaoibhe a sholáthraíonn seirbhís iontaoibhe neamhcháilithe chun ríomhshínithe nó ríomhshéalaí a chruthú go cianda;

13. Maidir le mír 12, pointe (c), féadfaidh na Ballstáit fotheidlíochtaí breise a sholáthar chun a lua cé na dearbhuithe a eiseoidh eisitheoir neamhcháilithe sonrach ríomhdhearbhaithe tréithe.

14. I gcás inarb infheidhme, léiriú go mbraitheann an páirtí is úsáideoir tiachóige ar idirghabhálaí atá ag gníomhú thar ceann an pháirtí is úsáideoir a bhfuil sé beartaithe aige brath ar an tiachóg.

15. I gcás inarb infheidhme, ceangal leis an idirghabhálaí ar a mbraitheann an páirtí is úsáideoir tiachóige agus a ghníomhaíonn thar ceann an pháirtí is úsáideoir a bhfuil sé beartaithe aige brath ar an tiachóg.

IARSCRÍBHINN II

1. CEANGLAIS MAIDIR LE RÍOMHSHÍNITHE NÓ RÍOMHSHÉALAÍ A CHUIRTEAR I BHFEIDHM MAIDIR LEIS AN BHFAISNÉIS A CHUIRTEAR AR FÁIL FAOI PHÁIRTITHE CLÁRAITHE IS ÚSÁIDEOIRÍ TIACHÓIGE DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 3

— Nodaireacht Oibiachtaí JavaScript ('JSON');

— IETF 7515 le haghaidh Shínithe Gréasáin JSON.

2. CEANGLAIS AN API COITEANN AONAIR DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 3

(1) Beidh an méid seo a leanas fíor maidir leis an API coiteann aonair:

(a) REST API a bheidh ann, a thacóidh le JSON mar fhormáid agus a shíneofar i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha a shonraítear i Roinn 1;

(b) ceadófar d'aon iarrthóir, gan fíordheimhniú roimh ré, liostaí iomlána a chuardach agus a iarraidh ar an gclár, chun faisnéis a fháil faoi pháirtithe cláraithe is úsáideoirí tiachóige, rud a cheadaíonn meaitseálacha páirteacha bunaithe ar pharaiméadair shainithe lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, uimhir chlárúcháin oifigiúil nó ghnó an pháirtí is úsáideoir tiachóige, ainm an pháirtí is úsáideoir tiachóige nó an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8, mír 2, pointe (g) agus in Iarscríbhinn I, pointí 12, 13, 14 agus 15;

(c) áiritheofar go n-áireofar sna freagraí ar iarrataí dá dtagraítear i bpointe (b) a mheaitseálann páirtí is úsáideoir tiachóige amháin ar a laghad ráiteas amháin nó níos mó maidir le faisnéis faoi pháirtithe cláraithe is úsáideoirí tiachóige agus faisnéis de réir Iarscríbhinn I, deimhnithe rochtana reatha agus stairiúla an pháirtí is úsáideoir tiachóige agus deimhnithe clárúcháin an pháirtí is úsáideoir tiachóige ach gan an fhaisnéis teagmhála in Iarscríbhinn I, pointe 4 a áireamh;

(d) foilseofar é mar OpenAPI leagan 3, in éineacht leis an doiciméadacht iomchuí agus na sonraíochtaí teicniúla lena n-áiritheofar idir-inoibritheacht ar fud an Aontais;

(e) soláthrófar feidhmeanna slándála, lena n-áirítear trí réamhshocrú agus trí dhearadh, chun infhaighteacht agus sláine an API a áirithiú agus chun infhaighteacht faisnéise tríd an API a áirithiú.

(2) Cuirfear na ráitis dá dtagraítear i bpointe (c) in iúl i bhfoirm comhaid JSON atá ríomhshínithe nó ríomhshéalaithe, agus beidh an fhormáid agus an struchtúr i gcomhréir leis na ceanglais maidir le ríomhshínithe nó ríomhshéalaí a leagtar amach i Roinn 1.

IARSCRÍBHINN III

Foinse na fianaise doiciméadaí chun teidlíochtaí páirtithe is úsáideoirí tiachóige a fhíorú dá dtagraítear in Airteagal 6

1. Maidir leis an bhfíorú gurb é atá sa pháirtí is úsáideoir tiachóige soláthraí ríomhdhearbhuithe tréithe cáilithe, soláthraí deimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshínithe nó ríomhshéalaí, nó soláthraí seirbhíse iontaoibhe cáilithe chun gléasanna cruthaithe ríomhshínithe nó ríomhshéala cáilithe cianda a bhainistiú, bunófar an fíorú sin ar na liostaí iontaofa náisiúnta arna bhfoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

2. Maidir leis an bhfíorú gurb é atá sa pháirtí is úsáideoir tiachóige soláthraí ríomhdhearbhuithe tréithe neamhcháilithe nó soláthraí a chruthaíonn ríomhshínithe nó ríomhshéalaí go cianda mar sheirbhís iontaoibhe neamhcháilithe, bunófar an fíorú sin, i gcás inarb infheidhme, ar na liostaí iontaofa náisiúnta arna bhfoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, nó, i gcás soláthraithe neamhcháilithe seirbhísí iontaoibhe nach bhfuil cláraithe sna liostaí iontaofa náisiúnta, bunófar é ar nósanna imeachta fíorúcháin atá leagtha amach ag na Ballstáit ina mbeartais chlárúcháin mar a leagtar amach in Airteagal 4.

3. Maidir leis an bhfíorú gur soláthraí sonraí sainaitheantais duine é páirtí is úsáideoir tiachóige, bunófar é ar liosta na soláthraithe sonraí sainaitheantais duine arna fhoilsiú ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 5a(18) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

4. Maidir leis an bhfíorú gurb é atá sa pháirtí is úsáideoir tiachóige soláthraí ríomhdhearbhuithe tréithe arna n-eisiúint ag comhlacht earnála poiblí atá freagrach as foinse bharántúil nó thar a cheann, bunófar an fíorú sin ar an liosta arna fhoilsiú ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 45f(3) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

IARSCRÍBHINN IV

Ceanglais maidir le deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige dá dtagraítear in Airteagal 7

1. Leis an mbeartas maidir le deimhniú rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige is infheidhme maidir le soláthar deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige, tabharfar tuairisc ar na ceanglais slándála a bhfuil feidhm acu maidir le deimhniú rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige, agus ar na rialacha lena léirítear infheidhmeacht an deimhnithe sin, ionas gur féidir na deimhnithe sin a eisiúint do pháirtithe is úsáideoirí tiachóige agus ionas gur féidir leis na páirtithe iad a úsáid ina n-idirghníomhaíochtaí le réitigh tiachóige.

2. Sa ráiteas cleachtais maidir le deimhniú rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige is infheidhme maidir le soláthar deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige, tabharfar tuairisc ar na cleachtais a úsáideann soláthraí deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige chun deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige a eisiúint, a bhainistiú, a chúlghairm agus a atheochrú.

3. An beartas deimhnithe agus an ráiteas cleachtais deimhnithe is infheidhme maidir le soláthar deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige, déanfar iad a chomhchuibhiú go comhréireach agus go séimeantach ar fud an Aontais agus comhlíonfaidh siad ar a laghad, de réir mar is infheidhme, na ceanglais maidir le beartas deimhnithe normalaithe ('NCP') mar a shonraítear i gcaighdeán ETSI EN 319411-1 leagan 1.4.1 (2023-10), agus áireofar iontu:

   (a) tuairisc shoiléir ar ordlathas an bhonneagair eochrach phoiblí agus ar na conairí deimhniúcháin ó dheimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige an eintitis deiridh go dtí barr an ordlathais a úsáidtear chun iad a eisiúint, agus an cúltaca iontaoibhe nó na cúltacaí iontaoibhe lena bhfuil coinne san ordlathas agus sna conairí sin ar cheart dóibh a bheith ag brath ar an gcreat iontaoibhe a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 5a(18) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a léiriú san am céanna;

   (b) tuairisc chuimsitheach ar na nósanna imeachta chun deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige a eisiúint, lena n-áirítear chun fíorú a dhéanamh ar chéannacht agus ar aon tréith eile de chuid an pháirtí is úsáideoir tiachóige dá bhfuil deimhniú páirtí is úsáideoir tiachóige le heisiúint;

   (c) an oibleagáid atá ar sholáthraithe na ndeimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige, agus deimhniú rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige á eisiúint aige, an méid seo a leanas a fhíorú:

      — tá an páirtí is úsáideoir tiachóige, agus stádas clárúcháin bailí aige, san áireamh i gclár náisiúnta de pháirtithe is úsáideoirí tiachóige de chuid an Bhallstáit ina bhfuil an páirtí is úsáideoir tiachóige sin bunaithe;

      — aon fhaisnéis sa deimhniú rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige, tá sí cruinn agus comhsheasmhach leis an bhfaisnéis chlárúcháin atá ar fáil ón gclár sin.

   (d) tuairisc chuimsitheach ar na nósanna imeachta chun deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige a chúlghairm;

   (e) an oibleagáid atá ar sholáthraithe na ndeimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige bearta agus próisis a chur chun feidhme maidir leis an méid seo a leanas:

      — faireachán leanúnach a dhéanamh ar aon athrú ar an gclár náisiúnta do pháirtithe is úsáideoirí tiachóige ina gcláraítear páirtithe is úsáideoir tiachóige ar eisigh siad deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige dóibh;

      — i gcás inar gá de bharr athruithe, aon deimhniú páirtí is úsáideoir tiachóige a d'eisigh an soláthraí don pháirtí comhfhreagrach is úsáideoir tiachóige a chúlghairm, go háirithe nuair nach bhfuil ábhar an deimhnithe cruinn ná comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá cláraithe a thuilleadh, nó nuair a chuirtear clárú an pháirtí is úsáideoir tiachóige ar fionraí nó ar ceal.

   (f) tuairisc chuimsitheach ar na nósanna imeachta agus na sásraí chun deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige a bhailíochtú ar bhealach comhchuibhithe ar fud an Aontais;

   (g) an oibleagáid atá ar sholáthraithe na ndeimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige cead a thabhairt do pháirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear páirtithe is úsáideoirí tiachóige a mhéid a bhaineann lena ndeimhnithe féin, comhlachtaí maoirseachta inniúla agus údaráis cosanta sonraí, cúlghairm deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige a iarraidh;

   (h) an oibleagáid atá ar sholáthraithe na ndeimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige gach cúlghairm den sórt sin a chlárú ina bhunachar sonraí deimhnithe agus stádas cúlghairme an deimhnithe a fhoilsiú go tráthúil, agus in aon chás laistigh de 24 uair an chloig tar éis an iarraidh ar chúlghairm a fháil;

(i) an oibleagáid atá ar sholáthraithe na ndeimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige faisnéis a sholáthar maidir le stádas bailíochta nó stádas cúlghairme na ndeimhnithe páirtí is úsáideoir tiachóige arna n-eisiúint ag an soláthraí sin;

(j) tuairisc, i gcás inarb ábhartha, ar an gcaoi a logálann soláthraí deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige gach deimhniú rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige a d'eisigh siad, i gcomhréir le hiarraidh ar bharúlacha ('RFC') 9162 ó thascfhórsa innealtóireachta an idirlín ('IETF') 'Trédhearcacht Deimhnithe leagan 2.0';

(k) an oibleagáid atá ar dheimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige an méid seo a leanas a chur san áireamh:

— an áit a bhfuil an deimhniú lena dtacaítear leis an ríomhshíniú ardleibhéil nó leis an ríomhshéala ardleibhéil ar an deimhniú sin ar fáil, chun gur féidir an chonair deimhniúcháin ar fad a fhorbairt go dtí an cúltaca iontaoibhe lena bhfuil coinne in ordlathas an bhonneagair eochrach phoiblí a úsáideann an soláthraí;

— tagairt mheaisín-inphróiseáilte don bheartas deimhnithe agus don ráiteas cleachtais deimhnithe is infheidhme;

— an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, pointí 1, 2, 3, 5, 6 agus 7, (a), (b) agus (c).

4. Beidh éifeacht ag an gcúlghairm a leagtar amach i bpointe 3(g)a luaithe a fhoilseofar é.

5. An fhaisnéis a leagtar amach i bpointe 3(h), cuirfear ar fáil í ar a laghad ar bhonn deimhnithe tráth ar bith agus ar a laghad i ndiaidh thréimhse bhailíochta an deimhnithe, ar bhealach uathoibrithe a bheidh iontaofa, saor in aisce agus éifeachtach i gcomhréir leis an mbeartas deimhnithe.

IARSCRÍBHINN V

Ceanglais maidir le deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige dá dtagraítear in Airteagal 8

1. Leis an mbeartas maidir le deimhniú clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige is infheidhme maidir le soláthar deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige, tabharfar tuairisc ar na ceanglais slándála a bhfuil feidhm acu maidir le deimhniú clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige, agus ar na rialacha lena léirítear infheidhmeacht an deimhnithe sin, ionas gur féidir iad a eisiúint do pháirtithe is úsáideoirí tiachóige agus ionas gur féidir leis na páirtithe iad a úsáid ina n-idirghníomhaíochtaí le réitigh tiachóige. Foilseofar an beartas maidir le deimhniú clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige i bhformáid atá inléite ag an duine.

2. Sa ráiteas cleachtais maidir le deimhniú clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige is infheidhme maidir le soláthar deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige, tabharfar tuairisc ar na cleachtais a úsáideann soláthraí deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige chun deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige a eisiúint, a bhainistiú, a chúlghairm agus a atheochrú, agus, i gcás inarb infheidhme, tabharfar tuairisc ar an gcaoi a mbaineann siad le deimhnithe rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige arna n-eisiúint do pháirtithe is úsáideoirí tiachóige. Foilseofar an ráiteas cleachtais maidir le deimhniú clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige i bhformáid atá inléite ag an duine.

3. An beartas maidir le deimhniú clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige agus an ráiteas cleachtais maidir le deimhniú clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige is infheidhme maidir le soláthar deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige, déanfar iad a chomhchuibhiú go comhréireach agus go séimeantach ar fud an Aontais agus comhlíonfaidh siad ar a laghad na ceanglais is infheidhme maidir le NCP mar a shonraítear i gcaighdeán ETSI EN 319411-1 leagan 1.4.1 (2023-10), agus áireofar iontu:

   (a) tuairisc shoiléir ar ordlathas an bhonneagair eochrach phoiblí agus ar na conairí deimhniúcháin ó dheimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige an eintitis deiridh go dtí barr an ordlathais a úsáidtear chun iad a eisiúint, agus an cúltaca iontaoibhe nó na cúltacaí iontaoibhe lena bhfuil coinne san ordlathas agus sna conairí sin a léiriú san am céanna;

   (b) tuairisc chuimsitheach ar na nósanna imeachta chun deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige a eisiúint, lena n-áirítear chun fíorú a dhéanamh ar chéannacht agus ar aon tréith de chuid an pháirtí is úsáideoir tiachóige dá bhfuil deimhniú páirtí is úsáideoir tiachóige le heisiúint;

   (c) an oibleagáid atá ar sholáthraí na ndeimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige, agus deimhniú clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige á eisiúint aige, an méid seo a leanas a fhíorú:

      — tá an páirtí is úsáideoir tiachóige, agus stádas clárúcháin bailí aige, san áireamh i gclár náisiúnta de pháirtithe is úsáideoirí tiachóige de chuid an Bhallstáit ina bhfuil an páirtí is úsáideoir tiachóige sin bunaithe;

      — an fhaisnéis sa deimhniú clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige, tá sí cruinn agus comhsheasmhach leis an bhfaisnéis chlárúcháin atá ar fáil ón gclár sin;

      — tá an deimhniú rochtana páirtí is úsáideoir tiachóige bailí;

      — tá an tuairisc ar na nósanna imeachta chun deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige a chúlghairm cuimsitheach.

   (d) leis an oibleagáid atá ar sholáthraí na ndeimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige, cuirtear bearta agus próisis chun feidhme maidir leis an méid seo a leanas:

      — faireachán leanúnach a dhéanamh, ar bhealach uathoibrithe, ar aon athrú ar an gclár náisiúnta do pháirtithe is úsáideoirí tiachóige ina gcláraítear páirtithe is úsáideoir tiachóige ar eisigh siad deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige dóibh;

      — an deimhniú clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige a atheisiúint;

      — aon deimhniú clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige a d'eisigh siad don pháirtí comhfhreagrach is úsáideoir tiachóige a chúlghairm, i gcás inar gá de bharr na n-athruithe sin, go háirithe nuair nach bhfuil ábhar an deimhnithe cruinn ná comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá cláraithe a thuilleadh, nó nuair a chuirtear clárú an pháirtí is úsáideoir tiachóige ar fionraí nó ar ceal.

   (e) tuairisc chuimsitheach ar na nósanna imeachta agus na sásraí chun deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige a bhailíochtú ar bhealach comhchuibhithe;

(f) an oibleagáid atá ar sholáthraí na ndeimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige cead a thabhairt do pháirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear páirtithe is úsáideoirí tiachóige a mhéid a bhaineann lena ndeimhnithe féin, comhlachtaí maoirseachta inniúla agus údaráis cosanta sonraí, cúlghairm deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige a iarraidh;

(g) an oibleagáid atá ar sholáthraí na ndeimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige gach cúlghairm den sórt sin a chlárú ina bhunachar sonraí deimhnithe agus stádas cúlghairme an deimhnithe a fhoilsiú go tráthúil, agus in aon chás laistigh de 24 uair an chloig tar éis an iarraidh ar chúlghairm a fháil;

(h) an oibleagáid atá ar sholáthraithe na ndeimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige faisnéis a sholáthar maidir le stádas bailíochta nó stádas cúlghairme na ndeimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige arna n-eisiúint ag an soláthraí sin;

(i) tuairisc, i gcás inarb ábhartha, ar an gcaoi a ndéanann soláthraí deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige gach deimhniú clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige atá eisithe aige a logáil;

(j) an oibleagáid atá ar dheimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir tiachóige an méid seo a leanas a dhéanamh:

— sonraí bailíochta an ríomhshínithe ardleibhéil nó an ríomhshéala ardleibhéil le haghaidh an deimhnithe a úsáideadh chun an deimhniú clárúcháin a shíniú nó a shéalú, an áit a bhfuil na sonraí sin ar fáil a chur san áireamh chun gur féidir an slabhra iontaoibhe ar fad a fhorbairt go dtí an cúltaca iontaoibhe lena bhfuil coinne;

— tagairt mheaisín-inléite don bheartas deimhnithe agus don ráiteas cleachtais deimhnithe is infheidhme a chur san áireamh;

— an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, pointí 1, 2, 3, 5, 6 agus 8, 9, 10, 11, 12, 13, 14 agus 15 a chur san áireamh;

— an URL chuig an mbeartas príobháideachais dá dtagraítear in Airteagal 8(2)g a chur san áireamh;

— beartas ginearálta rochtana dá dtagraítear in Airteagal 8(3) a chur san áireamh;

4. Sínfear an fhormáid malartaithe sonraí le haghaidh an deimhnithe clárúcháin páirtí is úsáideoir le Téacschomharthaí Gréasáin JSON (IETF RFC 7519) agus Téacschomharthaí Gréasáin CBOR (IETF RFC 8392).

5. Beidh éifeacht ag an gcúlghairm dá dtagraítear i bpointe 3(g) a luaithe a fhoilseofar é.

6. An fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe 3(h), cuirfear ar fáil í ar a laghad ar bhonn deimhnithe tráth ar bith agus ar a laghad i ndiaidh thréimhse bhailíochta an deimhnithe, ar bhealach uathoibrithe a bheidh iontaofa, saor in aisce agus éifeachtach i gcomhréir leis an mbeartas deimhnithe.